# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Deireadh Fómhair 2022

07/10/2022





N1A Rang An Múinteoir Clíona Seoighe



N1B Rang An Múinteoir Lauryn Bhreathnach

## Iarratais ar iontráil 2023/2024

*Cé nach bhfuilimíd ach díreach taréis fáilte chun na scoile a chur roimh ár naíonáin shóisearacha álainn nua, táimid anois ag glacadh le hIarratais ar Iontráil do rang na Naíonáin Shóisearacha 2023/2024. Is gá d'éinne a líon foirm réamhchláraithe dá bpáiste don scoilbhlian 2023/2024 roimhe seo clárú arís as an nua. Glacfar le hiarratais i gcomhair iontráil don scoilbhliain 2023/2024 ón 03/10/2022 go dtí an 28/10/22. Is féidir iarratas a dhéanamh ar-líne tré chliceáil ar an NASC atá ar fáil ar leathanach baile suíomh gréasáin na scoile: www.taobhnacoille.ie.*

*Cé go dtugtar tús áite sa Pholasaí ar Iontráil do shiblíní, ní féidir linn tús áite a thabhairt dóibh muna bhfuil siad cláraithe linn! Bí cinnte mar sin go gcláraíonn tú do pháiste linn roimh 28 Deireadh Fómhair, má theastaíonn uait go dtosóidh sé/sí i nGaelscoil Thaobh na Coille i Meán Fómhair 2023.*

Although we have only just welcomed our wonderful new junior infant pupils to the school we are now accepting Applications for Admission for our 2023/2024 junior infants class. Anyone who previously submitted a pre-enrolment form for their child for the 2023/2024 school year must now make a new application for admission. Applications for Admission will be accepted for the school year 2023/2024 from 03/10/2022 until 28/10/22. On-line applications can be made by clicking on a dedicated LINK on the home page of the school's website: www.taobhnacoille.ie.

Although priority is given to siblings in the Admissions Policy, we cannot prioritise them if they have not been registered! Please ensure that your child is registered before 28/10/2022 if you wish him/her to start in Gaelscoil Thaobh na Coille in September 2023.

N1B Rang An Múinteoir Lauryn Bhreathnach



N1C Rang An Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh





## Éide Scoile – School Uniform

Tá bhúr gcabhair agus tacaíocht á lorg againn le riail na scoile maidir le héide scoile a chur i bhfeidhm. Mar is eol daoibh caithfidh na páistí an t-éide scoile scoile a chaitheamh i gcónaí (brístí/pirilín/filleadh bheag, léine agus geansaí/cairdeagan) ach amháin ar na laethanta go mbíonn corp oideachas ag na páistí (2 lá in aghaidh na seachtaine).

Ní éide scoile roghnach é seo agus táimíd ag súil go mbeadh an t-éide scoile cheart ar gach dalta i gcónaí (seachas i gcás eisceachtúil).

Tá aimsir na mbrístí gearra tagtha chun deiridh agus is ceart go mbeadh an t-éide scoile iomlán/foirmeálta á chaitheamh ag na daltaí ar fad ó R1 go R6 gan eisceacht.

Caitear an t-éide scoile foirmeálta (iomlán) 3 lá sa tseachtain agus caitear an culaith spóirt an dá lá eile.

Bí cinnte go mbíonn an t-éide scoile cheart ar do pháiste gach lá agus é/í ag teacht ar scoil. Bí cinnte freisin go bhfuil ainm do pháiste scríofa go soiléar ar a g(h)eansaithe go léir agus ar a c(h)óta.

R3 go R6
<u>Éide Scoile Foirmeálta</u> : <u>Luan, Céadaoin & Déardaoin</u>
Culaith Spóirt: Máirt & Aoine (amháin)
R1 & R2 (Téarma 1)
<u>Éide Scoile Foirmeálta</u>: <u>Céadaoin, Déardaoin & Aoine</u>
Culaith Spóirt: Luan & Máirt
N1 & N2
Culaith Spóirt nó Éide Scoile Foirmeálta

We are seeking your help and support in enforcing the school's uniform policy. As you know the children must wear the school uniform at all times (trousers /pinafore/ kilt, shirt and jumper /cardigan) except on days they have a P.E. lesson (2 days per week)

The school uniform is not optional and we expect all pupils will wear the correct school uniform at all times (except in exceptional circumstances).

The school shorts should be packed away at this stage and all pupils from R1 to R6 should come to school wearing the full/formal school uniform.

The formal uniform is worn 3 days a week and the school tracksuit is worn on the other two days.

Please ensure that your child is wearing the correct uniform everyday. Please also ensure and that their name is written clearly on all school jumpers and coats/jackets.

R3 to R6
<u>Formal Uniform</u>: <u>Monday, Wednesday & Thursday</u>
School Tracksuit: Tuesday & Friday (only)
R1 & R2 (Term 1)
<u>Formal Uniform:</u> <u>Wednesday, Thursday & Friday</u>
School Tracksuit: Monday & Tuesday
N1 & N2
School Tracksuit (or formal uniform)



N1C ag rang rince le Nuala



## Aifreann Paróiste - Clárúcháin don Chéad Chomaoineach

Do chlannta ar mian leo go nglacfadh paistí leo atá i R2 an Chéad Chomaoineach

Parish Enrolment Mass for families of 2nd class pupils who wish to make their Holy Communion

7.30pm Céadaoin 19 Deireadh Fómhair 2022

Séipéal Naomh Mhuire, Áth an Ghaineamh



## Maidin Caifé

Tá Maidin Caifé á eagrú ag Cumann na dTusimitheoirí do thuismitheoirí daltaí na naíonáin shóisearacha i halla na Scoile ar an Aoine seo 07 Deireadh Fómhair. Ona 9am go dtí 10am. Tá súil againn go mbeidh sé ar chumas na dtuismitheoirí a bheith i láthair. Tabharfaidh sé seo deis deas do na tuismitheoirí (sean agus nua) aithne a chur ar a chéile.



## Coffee Morning

*Cumann na dtuismitheoirí will host a Coffee Morning in the school hall for the parents of this years junior infant classes this Friday 07th October from 9am til 10am. We hope that as many parents as possible come along to this event. It is a great opportunity for parents (new and old) to get to know each other.*

## Lá na nGeansaithe **'Wear, Care, Share'**

Tá sé de nós againn airgead a bhailiú do charthanacht Goal gach bliain. Tagann grúpaí pobail ar fud na hÉireann, agus ar fud an domhain le chéile ar Lá na nGeansaithe agus iad ag caitheamh na geansaithe spóirt is fearr leo chun tacú le is an obair a dhéanann GOAL le pobail leochaileacha.

## Goal Jersey Day **'Wear, Care, Share'**

*We have been collecting money for the charity Goal for many years. GOAL Jersey Day sees communities across Ireland, and around the world, coming together and wearing their favourite sports jerseys to support GOAL's work with vulnerable communities.*

Ceadaítear do na páistí geansaithe spóirt a chaitheamh ar scoil geansaithe CLG, Saccair, Rugbaí nó eile Iarrtar orthu síntiús €1/ €2 a thabhairt do Goal.

Lá na nGeansaithe Aoine 14 Deireadh Fómhair.




*The pupils are permitted to wear sports jersey to school, GAA county jerseys, club jerseys, soccer or rugby jerseys or other. They are asked to make a €1/ €2 donation to Goal on the day.*

*Jersey Day will take place on Friday 14 October .*

## Taispeántas na Naíonáin

Déanfaidh na Naíonáin shóisearacha (N1A, N1B, N1C) cur i láthair beag dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá á fhoghlaim acu ar scoil ar an AOINE an 21 Deireadh Fómhair ag 1pm. Beidh Tae/caifé ar fáil sa halla óna 12.30pm



## Junior Infant Recital

*Our Junior Infants (N1A, N1B, N1C) will put on a small performance for their parents, of the poems and the songs they are learning at school on AOINE the 21st of October at 1pm. Tea/Coffee will be served in the halla from 12.30pm*

## Gléasadh na Samhna

Beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil i bhfeistis bréigéide ar an Aoine an 28 Deireadh Fómhair.

## Briseadh Meántéarma

Scoil dúnta Luan 01 Samhain go Aoine 04 Samhain.



## Halloween Dress Up

The children may come to school in fancy dress costumes on Friday the 28th of October.

## Mid-term Break

School closed Monday 01 November to Friday 04 November.

## Cumann na mBunscol Léigeanna Peile



Ghlac foireann peile scoile na gcailíní páirt i gCorn Comhar Linn Cumann na mBunscol i mbliana. Bhain siad comhscór amach sa chéad chluiche i gcoinne Garrán Mhuire (Baile na nGabhar) i gCumann CLG Naomh Ólaf. Sa dara chluiche, chailleadar i gcoinne Scoil an Bhriathar Dhiaga (Gráinseach Mharlaí) i bPáirc na Díthreibhe agus bhí an toradh céanna acu i gcoinne Scoil Náisiúnta Cailíní na Toirbhearta (Tír an Iúir) i bPáirc na dTor. Chríochnaigh siad sa tríú háit agus go mí-ábharach, ba é sin deireadh a dtriail. Buíochas mór do Mhúinteoir Clíona Seoighe agus do Mhúinteoir Sinéad Ní Chuireáin.

Tá foireann sinsear peile na scoile san iomaíocht do Chorn Micheál Ó Muircheartaigh i mbliana. Tá an painéal seo déanta de 37 dhalta – idir bhuachaillí agus cailíní – ó Rang a 5 agus 6. Bhí bua maith acu i gcoinne Scoil Shinsireach Naomh Athracht (Sruthán na Cluana) sa chéad chluiche. Bhaineadar an ceann is fearr amach in aghaidh Scoil Naithí (Baile an tSaoir) sa dara chluiche agus d'éirigh leo comhscór a bhaint amach i gcoinne Scoil na Maighdine Mhuire (Baile an tSaoir) sa tríú chluiche. Bhí an bua acu i gcoinne Scoil Mhuire (Baile an Bhóthair) inné agus tá ceathrú craobh an chomórtas bainte amach acu anois. Tabharfaidh siad aghaidh ar Scoil Maelruain (An Seanbhábhún) i gCumann CLG Nmh Ólaf an Déardaoin seo chugainn. Buíochas don Mhúinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh agus don Mhúinteoir Colm Ó Coisdealbha atá i mbun an traenáil.





*The girls football team have been participating in Cumann na mBunscol's Comhar Linn Cup competition for the past two months. They had to settle for a creditable draw in their opening league match against Our Lady's Grove Primary School (Goatstown) in Naomh Ólaf GAA Club. They next faced Divine Word NS (Marlay Grange) in Hermitage Park and this followed by a trip to Bushy Park to face Presentation GNS (Terenure). Both of these matches proved beyond our girls and sadly they finished the group stage in third position and were eliminated from the competition. A word of thanks to both An Múinteoir Clíona Seoighe and An Múinteoir Sinéad Ní Chuireáin for giving up their free time to volunteer to coach and manage the girls this year.*

*The senior football team, which consists of 37 boys and girls from Rang a 5 and Rang a 6, are currently competing in Cumann na mBunscol's Micheál Ó Muircheartaigh Cup competition. They recorded relatively convincing victories against St. Attracta's Senior National School (Meadowbrook) and Scoil Naithí (Ballinteer) in their opening league matches. They followed this up with a draw against Our Lady's BNS (Ballinteer). They defeated St. Mary's BNS (Booterstown) yesterday and have now qualified for the knockout stages of the competition where they will face Scoil Maelruain (Old Bawn) in next Thursday's quarter final match which will take place in Naomh Ólaf GAA Club. Many thanks to An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh and An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha for preparing the panel for the matches.*

## Cór Náisiúnta na nÓg

Eispéireas córúil scoilbhunaithe do pháistí bunscoile is ea Cór Náisiúnta na nÓg. Foghlaimíonn daltaí ó ranganna 4, 5 nó 6 i mBunscoileanna na hÉireann stór comónta amhrán a shásaíonn go leor cuspóirí an chláir cheoil ag leibhéal sinsearach na bunscoile.

Foghlaimíonn na páistí an stór amhrán ina scoileanna féin, múinte ag a gcuid múinteoirí féin, agus téann siad le scoileanna áitiúla eile trí huaire sa bhliain chun na hamhráin seo a chleachtadh le Stiúrthóir Ceoil Cúnta áitiúil.

Glacann gach páiste páirt i gceolchoirm áitiúil (sa lárionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht i mí Aibreáin), agus téann céatadán de na páistí sin ar stáitse sa Cheoláras Náisiúnta, i mBaile Átha Cliath ag deireadh mhí na Bealtaine.



Tá stair fhada ag Gaelscoil Thaobh na Coille le Cór Náisiúnta na nÓg agus páirt glactha ag an scoil sna ceolchoirmeacha débhliantúla seo ó 2003 i leith.

Tá rang a 6 agus 5 ag glacadh páirt i gCór Náisiúnta na n-Óg i mbliana. Tagann an ceithre rang le chéile gach Máirt ag 1:30 le cleachtadh ar feadh uair a chloig. Tá 15 amhrán ar fad le foghlaim ag an gCór. Tá tús maith curtha againn leis an gcéad 6 amhrán. 'Cantar', amhrán i spáinnis, an t-amhrán is fearr le gach duine faoi láthair. Taitníonn 'Oh Shenandoah' linn freisin mar go bhfuil fonn álainn suaimhneach aici. Cé go bhfuil *'Laudate Dominum' le Mozart* dúshlánach go maith mar amhráin agus í canta i dtrí pháirt tá sé ag teacht le chéile dúinn diaidh ar ndiaidh. Cúnnla, All is Found agus The Prayer na hamhráin eile atá tosaithe againn agus tá siadsan an-deas freisin.

Beidh ár gcéad ollchleachtadh againn i ndiaidh an bhriseadh nuair a thiocfaidh muid féin agus daltaí R5 & R6 ó scoileanna eile sa cheantar le chéile leis na hamhráin sin a chleachtadh le chéile. Beidh thart ar 250 dalta ar fad ag an gcleachtadh sin. Beidh ceolchoirm mór againn san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht i Mí Aibreán.

## National Children's Choir

*The National Children's Choir is a school-based choral experience for primary school children. Affiliated pupils from 4th, 5th or 6th classes in Irish Primary Schools learn a common repertoire of songs that more than satisfies many objectives of the music programme at the senior end of the primary school.*

*The children learn the repertoire in their own schools, taught by their own teachers, and join with other local schools three times a year to rehearse these songs with a local Assistant Musical Director.*

*Every child participates in a local concert (in the Tallaght Basketball Arena in April) , and a percentage of these children will perform in the National Concert Hall, Dublin at the end of May*

*Gaelscoil Thaobh na Coille has a long involvement with the National Children's Choir and the school has participated in the bi-annual concerts since 2003.*

*R5 & R6 are participating in the National Children's Choir this year. All 4 classes come together for an hour every Tuesday at 1.30pm. The choir has to learn a repertoire of 15 songs. We have already made a good start on the first 6 songs. Every ones favourite song so far is 'Cantar, a lively song in Spanish. We also like singing the song 'Oh Shenadoah' a traditional song with lovely calming melody. We are making good headway with Mozart's 'Laudate Dominum' which is quite complicated and tricky as it is sung in three parts but we are getting there. The other songs, Cúnnla, All is Found and The Prayer are also very nice.*

*We will have our first 'cluster' rehearsal shortly after the mid-term break. Participating pupils from 5th and 6th classes in neighbouring schools will come together for a days rehearsal. There will be approximately 250 pupils at that rehearsal. We will* take *part in the Dublin Regional Concert in the National Basketball Arena in Tallaght in April..*

National Children's Choir
Cór Náisiúnta na nÓg

## Acmhainí do Thuismitheoirí - Resources for Parents







## Scéalta Ranga
### Class News

N1A An Múinteoir Clíona Seoighe

Bhí N1A ag déanamh Ealaín deas don Fómhair. Rinne siad duilleoga, iora rua, gráinneog agus fir bréige.

*N1A have been doing some lovely Autumn Art. They made Autumn leaves, hedgehogs, squirrels and scarecrows.*



N1B Lauryn Bhreathnach

Bhí N1B ag bácáil sa seomra ranga. Rinneamar cáca úll ag úsáid na húlla a phioc muid ó na crainn úll ar láthair na scoile.

*N1B were baking in the classroom. We made an apple cake using the apples we picked from the apple trees on the school grounds .*



N1C An Múinteoir Deirdre Uí Dhochartaigh

Tá N1C ag baint an méid sin sult as na ranganna rince le Nuala gach Déardaoin. Tá siad ag foghlaim cuid mhór rannta agus amhráin sa rang freisin.

N1C are thoroughly enjoying their rang rince with Nuala every Thursday. They are also learning lots and lots of rhymes and songs in class.

*Féach grianghraif ar lth 2*

# Scéalta Ranga
## Class News

N2A an Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

Tá N2A ag socrú isteach ina rang nua agus táimid ar fad ag cur aithne ar a chéile. Táimid ag cur an-bhéim ar labhairt na Gaeilge agus tá an-chuid rannta agus amhráin ar eolas ag na páistí cheana féin. Faigheann na páistí ard mholadh ón múinteoir agus Dojos nuair atá siad ag labhairt i nGaeilge. Fuair Mamaí J.J. Dojo chomh maith mar go mbíonn sí ag labahirt i nGaeilge sa chlós.



Táimid tar éis tosú ár spraoi le hAistear agus tá cúig rannóg ann - dramaíocht, tógáil, ealaín, an domhan beag agus márla. Faoi láthair tá 'An Scoil 'mar téama againn agus rinne na páistí scoil leis na bricí le carr clós agus rinne grúpa amháin bord agus cathaoireacha agus shuigh siad orthu.

*N2A are settling into their new class and we are getting to know each other. At the moment we are placing a huge emphasis on 'Labhairt na Gaeilge' and the class know a lot of rhymes and songs. They get a huge amount of praise and Dojos for speaking as Gaeilge. J.J mum even got a Dojo for speaking Irish sa Chlós!*

*We have started our play through Aistear and the class are divided into groups and get a chance to participate in imagery play, construction, art work, small world and márla. Our theme is An Scoil and they have built a school with car park with the wooden blocks and another group even made tables and chairs and sat down on them!*



N2B An Múinteoir Sinéad Ní Chuireáin

Tá a lán rudaí deasa ar siúl ag N2B faoi láthair. Táimid ag foghlaim faoin bhfómhar agus na hathruithe atá ag tarlú sa timpeallacht thart orainn. Táimid tar éis go leor fianaise ar nós duilleoga, cnó capaill agus dearcáin a bhailiú taobh amuigh. Tá muid ag baint an-sult as Aistear a dhéanamh le chéile. Féach ar an túr mór ard gur thóg na páistí ar an mbord oráiste le déanaí. Tá sé níos airde fiú ná a múinteoir!!

*There are plenty of fun things happening in N2B at the moment. We are learning about Autumn and the changes that happen to the environment around us. We have collected plenty of Autumn leaves, chestnuts and acorns on nature walks. We are really enjoying doing Aistear together. Look at the tall tower the children on the bord oráiste built recently. It is even taller than their Múinteoir!!*



## R1A An Múinteoir Orla Bradshaw

Táimid ag baint sult as a bheith ag foghlaim faoin bhFómhar i R1A, na hathruithe a thagann ar na crainn agus ar na duilleoga, an obair a bhíonn ar siúl ag feirmeoirí agus eile. Rinneamar priontáil le duilleoga sa rang ealaíne, dúramar an dán 'Duilleoga Deasa' agus chanamar an t-amhrán 'Duilleoga Órga, Duilleoga Buí.' Is breá linn an Fómhar!

*R1A are enjoying learning about autumn, the changes which can be seen in the trees and in leaves, work being done by farmers and more. As part of our art class we printed with leaves, we recited the poem 'Duilleoga Deasa' and we sang the song 'Duilleoga Órga, Duilleoga Buí'. We love autumn!*





## R1B An Múinteoir Orla Ní Bheacháin

Chuaigh R1B ar siúlóid dúlra an tseachtain seo caite chun comhartaí an Fhómhair a fheiscint. Chonaic siad dearcáin, crann úll , cnónna capaill, smeara dúbha agus duilleoga ag titim. Bhailigh siad duilleoga ar an siúlóid agus dhéan siad ealaín alainn lena duilleoga a bhailíodar.

*Rang a 1B went on a nature walk last week to look for the many signs of Autumn in the area. They were lucky enough to see acorns, an apple tree, conkers , blackberries, and fallen leaves. They made some lovely artwork with the leaves that were collected.*

## R2B An Múinteoir Jack Ó Loineacháin

Tá sár-obair déanta ag R2B ó thús na bliana agus go nótáilta obair dírithe ar an bhFómhair. Bhailigh na páistí duilleoga éagsúla chun na difríochtaí a phlé agus a aithint. Cuireadh béim ar an bhfoghlaim seo le priontáil na nduilleog agus péinteáil na ndathanna fhómhair. Chomh maith leis sin, cruthaíodh an taispeáintas 'Crann an Chairdeas' le chéile ionas gur féidir linn na bealaí éagsúla chun a bheith go deas a aithint.

*R2B have done excellent work since the beginning of the year, notably work focused on the season of Autumn. The children collected various types of leaves so that we could discuss and identify their differences. This was also achieved through printing the leaves and painting with Autumnal colours. Our 'Crann an Chairdeas' (Friendship Tree) was also created so that we can understand the countless ways in which we can be considerate, helpful and friendly.*



R2A An Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa

Bhí áthas an domhain ar pháistí rang a 2A filleadh ar scoil. Bhíomar an-ghnóthach sa rang i mí Meán Fómhair idir fhoghlaim faoi na crainnte agus siúlóid dúlra a dhéanamh i dtimpeallacht na scoile. Phiocamar roinnt úlla óna crainn sa scoil agus rinneamar bunnóga úlla leo. Is breá leis an rang a bheith ag tarraingt agus bhí muid ag féachaint ar obair an ealaíontóir Paul Klee. Tharraing na páistí féin phortráid agus ag baint úsáid as dúch daite rinne gach duine sa rang pictiúr álainn bunaithe ar an ealaíontóir seo.




*The children in R2A were delighted to return to school and we were certainly very busy in September. We learnt about the trees, went on a beautiful nature walk, picked apples from the schools' apple trees and baked delicious buns with them. The children in the class love to draw and we looked at the work of the artist Paul Klee. The children drew a self-portrait and added coloured dye to create a beautiful picture based on this artist's work.*

R3B An Múinteoir Niamh Ní Dhúill

Tús maith leath na h-oibre! Tá rang a 3B ag déanamh alán oibre ar an bhfeadóg stáin ó thús na bliana agus tá ard mholadh ag an Múinteoir Ní Dhúill do gach dalta a dhéanann an 5 nóiméad cleachtadh gach oíche!



*Since September R3B are working hard learning how to play the tin whistle. The múinteoir is delighted with those who spend 5 minutes every night practising!* Cleachtadh a dhéanann máistreacht!

R3A An Múinteoir Ciara Ní Bháille

Tá a lán plé ar an bhfómhar déanta ag R3A le coicís anuas. Rinne na páistí ealaíon bunaithe ar an bhfómhar agus na rudaí a bhíonn le feiceáil le linn an seasúr seo.



*R3A have spent time discussing autumn over the past fortnight. The children have created artwork to reflect the season and some of the things we see at this time of year.*

R4A An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh

Tá Rang 4A ag tabhairt faoi thionsnamh tíreolaíochta, bunaithe ar chontaetha na tíre, faoi láthair. Tá idir i-padanna, ríomhairí ranga, leabhair scoile (ar nós Timpeall an Domhain), leabhair leabharlainne ranga agus eolas pearsanta na dtuismitheoirí/ gaolta á úsáid ag na páistí leis an t-eolas a bhailiú. Cuirfidh na páistí na tionsnaimh i láthair roimh dheireadh na míosa.



*Rang 4A are currently working on a geography project on the counties of Ireland. The children are using a range of books (textbook and library), i-pads, classroom computers and the personal knowledge of their parents/ relatives in order to collect the information for this project that will be compiled during the SESE lessons. Each child will present his/ her project to their peers prior to the mid-term break.*



Cuirfimid i gcuimhne daoibh go bhfuil polasaí Bia Sláintiúil i bhfeidhm sa scoil. Iarraimid oraibh gan milseáin, seacláid, crispí, brioscaí nó deochanna milse a bheith ag na páistí ar scoil.

*We would like to remind you that the school has a healthy eating policy. We would ask you to exclude sweets, chocolate, crisps, biscuits and fizzy drinks from your child's lunchbox.*

R4B An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh

Bhí páistí Rang 4B ar bís bualadh lena chéile arís tar éis briseadh an tsamhraidh. Roinneamar scéalta faoi na laethanta saoire agus ba léir go raibh samhradh álainn ag gach duine. Chasamar le díograis ar labhairt na Gaeilge. Chuimhníomar gur Ghaeltacht bheag í an scoil seo agus dhíríomar ar mhana na scoile 'Beatha teanga í a labhairt'. Bhí gliondar mór orainn an chéad 'duais na Gaeilge' a bhuachaint don scoilbhliain seo agus bhaineamar sár-taitneamh as an am breise clóis a ghnóthaíomar. Is rang ceolmhar muid agus bhí seisiún mór ceoil againn mar cheiliúradh ar oíche chultúir Aoine 23 Meán Fómhair. Thóg na páistí agus an múinteoir a n-úirlisí ceoil isteach ar scoil agus bhí sár-seisiún againn idir seinnt agus canadh! Chomh maith leis sin ghlacamar páirt sa cheardlann flíochta agus ealaíne de chuid Áine Ní Ghlinn, Laureate na nÓg, a bhí ar siúl ar line. Tá tús ceolmhar, ealaíonta, bríomhar curtha againn leis an mbliain scoile anseo i rang a 4B!







*The pupils in R4B were excited to meet each other again after the summer break. We shared stories about the holidays and it was clear that everyone had a lovely summer. We returned to speaking Irish with enthusiasm. We remembered that this school is a small Gaeltacht and we focused on the school's motto 'Beatha teanga í a labhairt'. We were very happy to win the first 'duais na Gaeilge' for this school year and we really enjoyed the extra yard time we gained. We are a musical class and we had a big music session to celebrate culture night on Friday 23 September. The children and the teacher brought their musical instruments into school and we had a great session of playing and singing! We also took part in a poetry and art workshop with Áine Ní Ghlinn, Laureate of na nÓg, which was held online. We have had a musical, artistic and lively start to the school year here in class 4B!*

R5A An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Rinne Rang 5A saothar ealaíne bunaithe ar an dtéama 'Mé Féin'. Tá abairt futhu féin scríofa acu ar gach dath a dhéanann cur síos orthu féin; an bia is fearr leo, an spórt is fearr leo agus aon rud eile a bhaineann leo.




*One of R5A's art lessons was based on the theme 'Myself'. They wrote a sentence on each colour that describes themselves; their favourite food, their favourite sport and anything else that was important to them.*

R5B An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill

Tá Rang a 5B lán le sár-ealaíontóirí agus táimid ag baint an-taitneamh as an obair ealaíne atá á dhéanamh againn sa rang. Rinneamar féin portráidí ag tús na bliana agus táimid an-bhródúil astu.

*We have excellent artists in Rang a 5B and we are really enjoying our artwork. We created self-portraits at the start of the year and we are very proud of them.*







R6A
An Múinteoir Máire Mhic Gabhann
&
An Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

Thosaigh R6A ag déanamh 'Staisiúin Mata' le déanaí. Oibrímid le chéile i ngrúpaí le cluichí Mata ar na ipadanna, Tangraim, trádairí Stiles, cluichí táblaí agus puzail Matamaitice. Tá coincheapanna nua á bhfoghlaim againn agus táimid ag baint taitneamh as an Mata ag an am céanna!


*R6A have recently started 'Maths Stations'. We have 5 different groups where we work with Computer Maths games, Tangrams, Stiles, Tables and Mathematical puzzles. We are learning new Maths concepts and enjoying Maths at the same time!*

R6B An Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin

Bhíomar ag foghlaim faoin Aontas Eorpach. Bhíomar mar shaineolaí ar thír amháin agus rinneamar tionscnamh faoin tír sin. D'fhoglaimíomar a lán agus bhí an-spraoi againn agus muid ag bailiú an t-eolas ar na iPads. Chomh maith bhíomar ag déanamh ealaín neamhbheo. Tharraingíomar bróga reatha. Bhaineamar an-sult as an gceacht ealaíne sin!




*We were learning about the European union. We became experts on one country each and completed a project on that country. We learnt a lot and also had lots of fun researching our country using the iPads. As well as that we were drawing, focusing on still life. We drew runners. We enjoyed this art lesson!*




*Aiste ar ard-chaighdeán peannaireachta agus scríbhneoireachta le Sadhbh Nic Íomhair R4B*